Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11800/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0234(NLE)**

**TRANS 528**
**MAR 152**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 394 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil leis an loingseoireacht intíre |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 394 final.

Faoi iamh: COM(2022) 394 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.8.2022
COM(2022) 394 final

2022/0234 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil leis an loingseoireacht intíre**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú an Choiste Eorpaigh um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) an 13 Deireadh Fómhair 2022 agus ag cruinniú sheisiún iomlánach an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) an 8 Nollaig 2022 i ndáil leis na Caighdeáin Eorpacha lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2023/1) agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2023/1), a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. CCNR agus CESNI

Is eagraíocht idirnáisiúnta é an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in CCNR.

Leis an gCoinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, a síníodh an 17 Deireadh Fómhair 1868 in Mannheim, sainítear an creat dlíthiúil lena rialaítear úsáid na Réine mar uiscebhealach intíre le haghaidh loingseoireachta agus leagtar síos saintréithe CCNR. An Coinbhinsiún is infheidhme faoi láthair, ba thoradh é ar Choinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, a glacadh an 20 Samhain 1963, agus a tháinig i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967. Reáchtáiltear cruinnithe iomlánacha dhá uair sa bhliain. Ionadaithe ar Bhallstáit CCNR a dhéanann freastal orthu. Is é an cruinniú iomlánach comhlacht cinnteoireachta CCNR. Glacann sé rúin an Lárchoimisiúin. Tá vóta amháin ag gach Stát, agus is d’aon toil a dhéantar na cinntí. Tá na rúin seo ceangailteach ó thaobh dlí. Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR.

In 2015, ghlac CCNR rún lenar cruthaíodh coiste Eorpach chun caighdeáin choiteanna a tharraingt suas i réimse na loingseoireachta intíre (Comité Européen pour l’Élaboration de Standards dans le Domaine de Navigation Intérieure – CESNI). Sa mhisean atá aige cuimsítear caighdeáin theicniúla a ghlacadh i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, le teicneolaíocht faisnéise agus criú, léirmhíniú comhionann na gcaighdeán sin agus na nósanna imeachta comhfhreagracha, chomh maith le plé ar shábháilteacht loingseoireachta, ar chosaint an chomhshaoil nó ar réimsí eile den loingseoireacht.

Tá CESNI comhdhéanta de shaineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit CCNR is Ballstáit den Aontas freisin, agus tá cearta vótála ag na saineolaithe sin ar bhonn vóta amháin in aghaidh an Stáit. Níl an tAontas ina chomhalta de CESNI. Is féidir leis, áfach, páirt a ghlacadh in obair CESNI, agus in obair eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a gcuimsítear ina misean na réimsí lena mbaineann CESNI, gan cearta vótála.

### 2.2. Na gníomhartha atá beartaithe ag CESNI agus CCNR

Ag an gcruinniú a bheidh ag CESNI an 13 Deireadh Fómhair 2022, tá sé le heagrán nua de Chaighdeáin Eorpacha a ghlacadh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (caighdeán ES-TRIN 2023/1), agus tá sé le heagrán nua den Chaighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2023/1) a ghlacadh.

*ES-TRIN*

An chéad leagan de ES-TRIN (ES-TRIN 2015/1), rinne CESNI é a thabhairt i gcrích ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Meán Fómhair 2015. Ghlac cruinniú iomlánach CESNI go foirmiúil é ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Samhain 2015. Ghlac CESNI na leasuithe seo a leanas ar chaighdeán ES-TRIN:

1. Caighdeán ES-TRIN 2017/1 an 6 Iúil 2017
2. Caighdeán ES-TRIN 2019/1 an 8 Samhain 2018
3. Caighdeán ES-TRIN 2021/1 an 13 Deireadh Fómhair 2020

Déantar ES-TRIN a nuashonrú go rialta i bhfianaise obair mheithleacha CESNI.
Tá gá le ES TRIN a nuashonrú go rialta ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

- ardleibhéal na sábháilteachta sa loingseoireacht intíre a choimeád ar bun
- an éabhlóid theicniúil a leanúint (e.g. córais comhraicthe dóiteáin, trealamh loingseoireachta)
- comhoiriúnacht le creat dlíthiúil an Aontais a áirithiú.

Le linn 2021 agus 2022, d'ullmhaigh saineolaithe de chuid CESNI an t-eagrán nua de ES-TRIN 2023/1.

Ionchorpraítear leasuithe éagsúla in ES-TRIN 2023/1, go háirithe leasuithe maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Breoslaí íseal-splancphointe agus cealla breosla,
- Seaicéid tarrthála,
- Córais iarchóireála,
- Bailiú fuíolluisce,
- Córais comhraicthe dóiteáin bhuanshuiteáilte chun rudaí a chosaint,
- Soithí paisinéirí,
- Árthaí áineasa,
- Innill liáin leictreacha atá taobh thiar den bhulcaid deiridh,
- Innill atá i seirbhís a dheisiú,
- Cábáin stiúracha in-aistarraingthe,
- Suiteálacha loingseoireachta radair agus táscairí ráta iompaithe,
- Tagairtí do ES-RIS 2023/1 a nuashonrú,
- Ancairí speisialta a bhfuil mais laghdaithe iontu.

Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 13 Aibreán 2022, chinn sé go ndéanfadh sé glacadh chaighdeán ES-TRIN 2023/1 a sceidealú ag an gcruinniú an 13 Deireadh Fómhair 2022. Tá coinne leis nach ndéanfar ach athruithe foirmiúla agus mionathruithe ar an dréachtchaighdeán roimh an gcruinniú sin a bheidh ann an 13 Deireadh Fómhair 2022. Déanfar caighdeán ES-TRIN 2023/1 a fhoilsiú trí bhíthin suíomh gréasáin tiomnaithe (cesni.eu). Tá rochtain (chosanta) ag Ballstáit an Aontais uile ar na dréachtchaighdeáin thuasluaite.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/87/CE[1], déanfar caighdeán ES-TRIN 2023/1 a ionchorprú i ndlí an Aontais.

[1] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

Áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 tagairtí don chaighdeán atá glactha ag CESNI. De bhun Airteagal 31(1) den Treoir sin tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a oiriúnú ar mhaithe leis an tagairt don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN a nuashonrú gan moill mhíchuí, agus ar mhaithe le dáta chur i bhfeidhm an leagain sin a shocrú.

Glacfaidh CCNR rún lena leasófar Rialacháin CCNR chun tagairt do chaighdeán ES-TRIN 2023/1 a áireamh.

Chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht ann idir dhá réim dhlíthiúla atá ann cheana maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí loingseoireachta intíre (réim CCNR agus réim an Aontais), is gá foráil a dhéanamh maidir leis na caighdeáin chéanna. Tagróidh dlí an Aontais agus Rialacháin CCNR araon do chaighdeán ES-TRIN 2023/1 ón 1 Eanáir 2024.

*ES-RIS*

Glacadh an chéad leagan de ES-RIS (ES-RIS, Eagrán 2021/1) go foirmiúil ag cruinniú iomlánach CESNI an 15 Aibreán 2021, agus cumhdaítear na caighdeáin theicniúla seo a leanas le haghaidh RIS leis:

Cuid I: Córais chaighdeánacha taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre

Cuid II: Rianú agus lorgaireacht chaighdeánach soithí um loingseoireacht intíre

Cuid III: Ceanglais oibriúcháin agus feidhmiúcháin, modhanna tástála agus na torthaí tástála is gá le haghaidh trealamh longiompartha AIS intíre (Caighdeán Tástála AIS Intíre)

Cuid IV: Tuairisciú caighdeánach leictreonach long sa loingseoireacht intíre

Cuid V: Fógraí caighdeánacha do scipéirí

Déantar ES-RIS a nuashonrú go rialta i bhfianaise obair mheithleacha CESNI. Is gá ES-RIS a nuashonrú go rialta chun:

– ardleibhéal na sábháilteachta sa loingseoireacht intíre a choimeád ar bun,

– coinneáil suas leis an éabhlóid theicniúil,

– comhoiriúnacht le creat dlíthiúil an Aontais agus le ceanglais idirnáisiúnta a áirithiú.

Le linn 2021 agus 2022, d'ullmhaigh saineolaithe de chuid CESNI an t-eagrán nua de ES-RIS 2023/1. Rinneadh feabhsuithe eagarthóireachta éagsúla mar thoradh ar an bpróiseas aistriúcháin agus ar an bprofáil a rinne na meithleacha. Rinneadh athruithe freisin ar ES-RIS 2023/1 maidir le formáidiú le caighdeánú a leagan amach, a struchtúir ghinearálta agus a iarscríbhinní. Rinneadh athbhreithniú ar uimhriú na n-airteagal, na gcaibidlí, na dtáblaí, na léaráidí agus na gcairteacha. Ionchorpraítear leis feabhsuithe éagsúla ar a chomhsheasmhacht inmheánach agus ar chomhleanúnachas idir na codanna éagsúla den chaighdeán. Is é an toradh a bhí air sin struchtúr foriomlán nuashonraithe ES-RIS:

Cuid I: Córais taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre (ECDIS Intíre)

Cuid II: Rianú agus lorgaireacht soithí um loingseoireacht intíre

Cuid III: Fógraí do scipéirí

Cuid IV: Tuairisciú leictreonach long sa loingseoireacht intíre

Cuid V: Ceanglais oibriúcháin agus feidhmiúcháin, modhanna tástála agus na torthaí tástála is gá le haghaidh ECDIS intíre (cuid tástála de ECDIS Intíre)

Cuid VI: Ceanglais oibriúcháin agus feidhmiúcháin, modhanna tástála agus na torthaí tástála is gá le haghaidh AIS Intíre (cuid tástála de AIS Intíre)

Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 13 Aibreán 2022, chinn sé go ndéanfadh sé glacadh ES-RIS 2023/1 a sceidealú ag an gcruinniú an 13 Deireadh Fómhair 2022. Tá coinne leis nach ndéanfar ach mionathruithe ar an dréachtchaighdeán roimh an gcruinniú sin a bheidh ann an 13 Deireadh Fómhair 2022. Foilseofar ES-RIS 2023/1 trí bhíthin suíomh gréasáin tiomnaithe (cesni.eu). Tá rochtain (chosanta) ag Ballstáit an Aontais uile ar na dréachtchaighdeáin thuasluaite.

I gcomhréir le Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal[2], déanfar ES-RIS 2023/1 a ionchorprú i ndlí an Aontais. Déanfar é sin a ailíniú leis an athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ar Threoir 2005/44/CE, agus tá sé beartaithe é a ghlacadh i lár na bliana 2023.

Glacfaidh CCNR rún lena leasófar Rialacháin CCNR chun tagairt do ES-RIS 2023/1 a áireamh.

Ós rud é go bhfuil tagairtí do ES-RIS 2023/1 in ES-TRIN 2023/1, tá sé tábhachtach go nglacfaidh CESNI an dá chaighdeán ag an gcruinniú a bheidh aige an 13 Deireadh Fómhair 2022.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Tá gá leis an gcinneadh lena leagtar síos seasamh an Aontais ós rud é go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha atá le glacadh chun críocha Airteagal 218(9) CFAE agus go háirithe i bhfianaise a dtionchar ar réimse de reachtaíocht an Aontais atá faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(2) CFAE.

Rinneadh dianullmhúchán ar leibhéal shaineolaithe CESNI maidir le nuashonruithe chaighdeáin theicniúla ES-TRIN agus ES-RIS. Chuathas i gcomhairle le réimse leathan saineolaithe ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach i ndáil leis sin. Reáchtáladh na cruinnithe teicniúla seo a leanas fad a bhí an caighdeán á fhorbairt ar leibhéal CESNI:

- cruinnithe meithle de chuid CESNI/PT (23-24.6.2020, 22-23.9.2020, 17-18.11.2020, 2-3.3.2021, 23-24.6.2022, 16-17.11.2021 agus 22-23.2.2022) agus de chuid CESNI/TI (28.6-02.7.2021, 08-10.9.2021, 14-17.12.2021, 09-10.3.2022)
- Cruinniú Coiste (13.4.2022).

Trí na cruinnithe sin bhíothas in ann teacht ar chomhaontú ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na ceanglais i réimse na loingseoireachta intíre.

Is é an seasamh atá beartaithe ag an Aontas ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1 a ghlacadh toisc go n-éascaítear leo an leibhéal sábháilteachta is airde i réimse na loingseoireachta intíre, leanann siad an éabhlóid theicniúil san earnáil sin agus áirithítear leo comhoiriúnacht na gceanglas le haghaidh soithí agus comhoiriúnacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Eoraip.

---

[2] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'.

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cibé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[3].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[4].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad CESNI agus CCNR araon a cuireadh ar bun faoi chomhaontú idirnáisiúnta, eadhon an Coinbhinsiún athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine (Coinbhinsiún Mannheim)[5].

Cé nach bhfuil na rialacha a ghlac CESNI ceangailteach *per se*, éireoidh siad ceangailteach ar chomhaltaí CCNR a luaithe a dhéanfaidh CCNR a chreat reachtach (Rialacháin um chigireacht ar shoithí ar an Réin, Rialachán Póilíneachta na Réine) a mhodhnú chun tagairt a dhéanamh do na caighdeáin a ghlac CESNI, modhnú lena ndéanfar na caighdeáin sin éigeantach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin. Go deimhin, leagtar síos i gCoinbhinsiún Mannheim cineál ceangailteach na Rialachán sin ar chomhaltaí CCNR.

I gcomhréir le hAirteagal 22 de Choinbhinsiún Mannheim, tá sé de chumhacht ag CCNR ceanglais theicniúla cheangailteacha a bhunú le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre. An Rún atá le glacadh ag CCNR lena leasófar Rialacháin CCNR chun tagairt a chuimsiú do chaighdeán ES-TRIN 2023/1, is gníomh é a bheidh, dá bhrí sin, ceangailteach ó thaobh dlí maidir le Páirtithe CCNR.

Ar an taobh eile agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún Mannheim, féadfaidh CCNR a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann ('RIS') a mhodhnú chun na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le RIS a ailíniú le ES-RIS 2023/1. An Rún atá le glacadh ag CCNR lena leasófar Rialacháin CCNR chun tagairt a chuimsiú do chaighdeán ES-RIS 2023/1, is gníomh é a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí maidir le Páirtithe CCNR. Mar sin féin, ní fhorlíonfar ná ní leasófar leis creat institiúideach Choinbhinsiún Mannheim.

Dá bhrí sin, beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 22 de Choinbhinsiún Mannheim.

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[4] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

[5] An Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú an 20 Samhain 1963.

Anuas air sin, i dtaca le ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo chun críoch Airteagal 218(9) CFAE a chur i bhfeidhm, ós rud é go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon: Treoir (AE) 2016/1629 agus Treoir 2005/44/CE.

A mhéid a bhaineann le ES-TRIN, is amhlaidh atá toisc nach mór an creat is infheidhme faoin gCoinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin a chur san áireamh maidir le haon leasuithe ar Threoir (AE) 2016/1629 agus toisc go n-áirítear na caighdeáin theicniúla arna nglacadh ag CESNI in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 agus nach mór iad a nuashonrú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.

A mhéid a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, le hAirteagal 5 de Threoir 2005/44/CE tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte teicniúla agus sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh chun tacú le RIS agus chun idir-inoibritheacht na seirbhísí sin a áirithiú. Luaitear in Aithris 3 den Treoir gur cheart, ar chúiseanna sábháilteachta agus ar mhaithe leis an gcomhchuibhiú uile-Eorpach, d'ábhar na gceanglas coiteann agus na sonraíochtaí teicniúla sin cur leis an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin, amhail an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) agus Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE). In ES-RIS 2023/1 beidh na sonraíochtaí teicniúla is gá a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 5 de Threoir 2005/44/CE. Déanfar an próiseas glactha a ailíniú leis an athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ar Threoir 2005/44/CE, agus tá sé beartaithe é a ghlacadh i lár na bliana 2023.

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach an seasamh a leagan síos atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI agus CCNR maidir le caighdeáin i ndáil le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre agus i ndáil le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe a ghlacadh.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe le comhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2022/0234 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil leis an loingseoireacht intíre

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine an 17 Deireadh Fómhair 1868, a leasaíodh leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, a glacadh an 20 Samhain 1963, tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967 (an 'Coinbhinsiún').

(2) De bhun Airteagal 22 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin ('CCNR') ceanglais theicniúla a ghlacadh le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre.

(3) Faoin gCoinbhinsiún, féadfaidh CCNR a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann ('RIS') a mhodhnú trí thagairt a dhéanamh do na caighdeáin arna nglacadh ag an gCoiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre ('CESNI') agus trí na caighdeáin sin a dhéanamh sainordaitheach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

(4) Bunaíodh CESNI an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú CCNR chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe a mhéid a bhaineann le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(5) Le gníomhaíocht ón Aontas in earnáil na loingseoireachta intíre, ba cheart díriú ar an aonfhoirmeacht a áirithiú i bhforbairt na gceanglas teicniúil agus na sonraíochtaí teicniúla a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, go háirithe a mhéid a bhaineann le soithí uiscebhealaí intíre agus RIS.

(6) Chun críche iompair éifeachtúil agus loingseoireachta sábháilte ar uiscebhealaí intíre, tá sé tábhachtach go mbeidh na ceanglais theicniúla le haghaidh soithí agus RIS comhsheasmhach agus chomh comhchuibhithe agus is féidir faoi réimeanna dlíthiúla éagsúla san Eoraip. Go sonrach, na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí de CCNR freisin, ba cheart dóibh tacú le cinntí lena ndéantar rialacha CCNR a chomhchuibhiú leis na rialacha a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

(7) Ag an gcruinniú a bheidh ag CESNI an 13 Deireadh Fómhair 2022, tá coinne leis go nglacfaidh CESNI an Caighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre 2023/1 ('ES-TRIN 2023/1') agus an

Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann 2023/1 (‘ES-RIS 2023/1’).

(8) Le caighdeán ES-TRIN 2023/1 leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir leis an longthógáil, an feistiú agus trealamh le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithigh, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, agus forálacha idirthréimhseacha chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

(9) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] is tagairt do na ceanglais a sholáthraítear in ES-TRIN 2021/1 atá sa tagairt do na ceanglais theicniúla le haghaidh árthach. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an tagairt sin in Iarscríbhinn II a nuashonrú ionas go dtagraítear don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN, agus dáta chur i bhfeidhm an leagain sin a shocrú. Dá bhrí sin, le ES-TRIN 2023/1 déanfar difear do Threoir (AE) 2016/1629.

(10) Dá Bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (‘CESNI’) a leagan síos, ós rud é go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith ag caighdeán ES-TRIN 2023/1 ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(11) Le ES-RIS 2023/1, leagtar síos sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha agus caighdeáin theicniúla aonfhoirmeacha chun tacú le RIS agus chun a n-idir-inoibritheacht a áirithiú. Na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla faoi ES-RIS 2023/1, comhfhreagraíonn siad do na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla sin nach mór a ghlacadh de réir Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], go háirithe sna réimsí seo a leanas: córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre; tuairisciú leictreonach long; fógraí do scipéirí; córais rianaithe agus lorgaireachta soithí agus comhoiriúnacht an trealaimh atá riachtanach chun RIS a úsáid.

(12) I dtaca le sonraíochtaí teicniúla maidir le RIS, is sonraíochtaí iad atá bunaithe ar na prionsabail theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE agus cuirtear san áireamh leo an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin.

(13) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI a leagan síos, ós rud é go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith ag ES-RIS 2023/1 ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon na sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha a glacadh faoi chuimsiú Threoir 2005/44/CE.

(14) Tá coinne leis go nglacfaidh CCNR, ag seisiún iomlánach a bheidh ann amach anseo, rúin lena leasófar Rialacháin CCNR chun tagairt do ES-TRIN 2023/1 agus do ES-RIS 2023/1 a áireamh. Beidh an leasú sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir

---

[1] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

[2] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

le hAirteagail 1 agus 22 den Choinbhinsiún. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CCNR a leagan síos chomh maith.

(15) Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR ná de CESNI. Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí de na comhlachtaí sin, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

(16) Is é an seasamh atá beartaithe ag an Aontas ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1 a ghlacadh toisc go n-éascaítear leo an leibhéal sábháilteachta is airde i réimse na loingseoireachta intíre, leanann siad an éabhlóid theicniúil san earnáil sin agus áirithítear leo comhoiriúnacht na gceanglas le haghaidh soithí agus comhoiriúnacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Eoraip.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI maidir le ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1 a ghlacadh, aontú lena nglacadh.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CCNR, tacú leis na tograí uile lena ndéantar Rialacháin CCNR a ailíniú le ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí de CESNI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur in iúl.

2. Déanfaidh na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí de CCNR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*